

A: MACHNAMH

Réamhchleachtadh 1

Suigh siar agus dún do shúile. Éist leis an mír bheag a chuirfidh do mhúinteoir ar siúl duit agus pléigh na ceisteanna ansin leis na daoine eile i do ghrúpa.

1. Cé atá ag canadh? Cad é an t-amhrán atá á chanadh? Cén fáth? Cén áit?
2. Samhlaigh go bhfuil tú san áit sin ag an nóiméad sin. Conas a mhothófá, dar leat?



Réamhchleachtadh 2

Pléigh na ceisteanna seo faoin méid a chloisfidh tú sa mhír leis an duine in aice leat. Is féidir libh na freagraí a ghúgláil más gá!

1. Cé air a mbeidh Éire ag tabhairt aghaidh ar an 14 Deireadh Fómhair 2023?
2. Cén scór a bhí ann idir Éire agus Albain ar an 7 Deireadh Fómhair 2023? Cé mhéad úd a fuair Éire?
3. Ar gortaíodh aon duine ó fhoireann na hÉireann?
4. Deir Ruairí sa mhír go raibh go leor foirne ag féachaint ar an gcluiche le teann spéise ar an Satharn. Cén fáth?
5. Bhuaigh na geansaithe glasa ach an raibh siad i gceannas le linn an chluiche ar fad?
6. Labhraíonn an tráchttaire rugbaí, Cian de Buitléar, faoin mbealach ar chuir na hAlbanaigh suas leis na hionsaithe ó fhoireann na hÉireann. Cad a deir sé faoi sin, dar leat?

B: FOCLÓIR

1. Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball. An féidir leat na leaganacha Gaeilge a aimsiú anois sula bhféachfaidh tú ar an mír? Bain úsáid as www.focloir.ie chun cuidiú leat, más gá.

<i>quarter-final:</i>	_____
<i>cause for concern:</i>	_____
<i>injuries:</i>	_____
<i>considerable:</i>	_____
<i>watching:</i>	_____
<i>closely, critically:</i>	_____
<i>substance, calibre:</i>	_____
<i>thwart:</i>	_____
<i>exact, clinical:</i>	_____
<i>to approach, to open a conversation:</i>	_____

2. Féach ar an mír den chéad uair. An raibh na focail chéanna agat féin?
3. Bí ag obair leis an duine in aice leat. Cén leagan Gaeilge de na fráasaí seo thíos a úsáideadh sa mhír?

To face New Zealand.

To beat, get the better of Scotland.

To find/score a try.

Mark Hansen was injured.

Dominant from beginning to end.

4. Déan ransú intinne ar an stór focal Gaeilge a bhaineann le téarmaí rugbaí:

Úd, ...

C: TUISCINT

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar an mír arís agus freagraí na ceistanna sin a phléigh sibh faoi A: [Machnamh](#).

1. Cé air a mbeidh Éire ag tabhairt aghaidh ar an 14 Deireadh Fómhair 2023?
2. Cén scór a bhí ann idir Éire agus Albain ar an 7 Deireadh Fómhair 2023? Cé mhéad úd a fuair Éire?
3. Ar gortaíodh aon duine ó fhoireann na hÉireann?
4. Deir Ruairí sa mhír go raibh go leor foirne ag féachaint ar an gcluiche le teann spéise ar an Satharn? Cén fáth?
5. Bhuaigh na geansaithe glasa, ach an raibh siad i gceannas le linn an chluiche ar fad?
6. Labhraíonn an tráchtair rugbaí, Cian de Buitléar, faoin mbealach ar chuir na hAlbanaigh suas leis na hionsaithe ó fhoireann na hÉireann. Cad a deir sé faoi sin, dar leat?

Pléigh:

- ✓ An raibh na freagraí cearta agaibh sular fhéach sibh ar an mír?
- ✓ Ar fhoghlaim sibh aon rud nua ón mír?
- ✓ An raibh aon phíosa eolais nach raibh cruinn sa mhír?



D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (Na tíortha)

- a) Seo na tíortha atá ag dul tríd go dtí na cluichí ceathrú ceannais i gCorn an Domhain sa Rugbaí 2023. Bíonn na tíortha baininsneach de ghnáth i nGaeilge. Cuir an t-alt, **má** théann an t-alt leis an tír, leis na tíortha sin:

(Éire)	_____
(Breatain Bheag)	_____
(Sasana)	_____
(Afraic Theas)	_____
(Nua-Shéalainn)	_____
(Fidsí)	_____
(Frainc)	_____
(Airgintín)	_____

- b) Cuir an focal 'foireann' roimh na tíortha anois:

(Éire)	_____
(Breatain Bheag)	_____
(Sasana)	_____
(Afraic Theas)	_____
(Nua-Shéalainn)	_____
(Fidsí)	_____
(Frainc)	_____
(Airgintín)	_____

2: Saibhreas teanga (níos fearr)

- a) Dúirt Séamus go bhfuair foireann rugbaí na hÉireann an ceann **is fearr** ar Albain ar an Satharn. Seo céimeanna comparáide na haidiachta den aidiacht 'maith'. Cad faoi na haidiachtaí mírialta eile seo?

Maith	Níos fearr	Is fearr
Olc	_____	_____
Beag	_____	_____
Mór	_____	_____
Álainn	_____	_____
Fada	_____	_____
Gearr	_____	_____
Dian	_____	_____

- b) Cuir na haidiachtaí thuas in abairtí lena mbrí a léiriú. Mar shampla:

Is ceoltóir maith é Bono ach tá Madonna níos fearr. Agus is í Lana Del Rey an ceoltóir is fearr, i mo thuairimse.

E: CUMARSÁID

1: Caint

Déan do mhachnamh ar chluiche amháin spóirt a chonaic tú agus a chuaigh i bhfeidhm go mór ort, bíodh sé ar an teilifís nó beo. Beidh tú ag déanamh cur síos ar an gcluiche sin do na daoine eile sa ghrúpa ar ball. Caith deich nóiméad nó mar sin ag cur do chuid smaointe le chéile.

(Más duine thú nach dtaitníonn an spórt leat, ná bí buartha! Lig ort féin go raibh tú ag an gcluiche a phléitear sa mhír!)

Anois, inis do do ghrúpa faoin gcluiche. Bí cinnte go n-úsáidfidh tú an stór focal úsáideach a pléadh sa cheacht seo.



2: Scríobh

Scríobh postáil ghearr do na meáin shóisialta faoin gcluiche ar labhair tú faoi thuas. Is leor deich líne nó mar sin.

AN SCRIPT

Séamus Ó Scanláin

Spórt anois agus tabharfaidh foireann rugbaí na hÉireann aghaidh ar an Nua-Shéalainn i gcluiche ceathrú ceannais an domhain ar an Satharn seo chugainn, tar éis dóibh an ceann is fearr a fháil ar Albain aréir sa Stade de France. An scór 36 – 14. Cúig úd a d'aimsigh foireann Andy Farrell sa gcluiche¹ – Hugo Keenan, le péire; James Lowe, Iain Henderson agus Garry Ringrose le ceann an duine. Ach údar imní freisin do na hÉireannaigh, áfach, is ea gortuithe a bhain do Mack Hansen, James Lowe agus James Ryan.

Bhuel, linn anois as Páras, tá ár dtuairisceoir, Ruairí Mac Con Iomaire. Toradh ollmhór ag na geansaithe glasa sa Stade de France aréir, a Ruairí, iad i gceannas ó thus deireadh, nach raibh?

Ruairí Mac Con Iomaire

Is ea a Shéamuis. Toradh thar a bheith suntasach anseo i bPáras aréir. Bhí, ní hamháin toradh nach ndeachaigh i ngan fhios go deimhin ar náisiúin mhóra rugbaí an domhain agus an Afraic Theas ag faire go géar. Agus bí cinnte na *All Blacks*, Nua-Shéalainn ag faire go géar. Go deimhin, bhí súile an tsaoil dírithe ar Saint-Denis agus an Stade de France aréir. Agus arís, níor loic foireann na hÉireann orainn² a gcuid cumais agus an mianach atá iontu a léiriú ar an stáitse is mó. An bealach ar dhéileáil siad agus ar chuir siad Albain de dhroim seoil chomh luath, agus chomh sciobtha agus chomh paiteanta. Bhí sé thar a bheith cumasach.

Arís, an dara cluiche as a chéile sa Stade de France, bhí an áit nach mór lán le hÉireannaigh. Bhí fear as an BBC, ina shuí taobh liom, a raibh... bhí sé ag rá ... an raibh Albanach ar bith anseo i láthair? I measc an tslua ollmhóir Éireannach ann, bhí an tráchttaire spóirt, Cian de Buitléar. Agus bhí deis agamsa cupán caife a ól leis ar maidin agus bleid a bhualadh air faoina thuairim féin ar an gcluiche.

Cian de Buitléar, Tráchttaire Rugbaí

Cheap mé go mbeadh sé i bhfad níos gaire ná a bhí sé. Ach an bealach ar imir siad aréir, go mór mór tar éis an t-úd sin a aimsiú an-luath sa gcluiche, tar éis cúpla soicind i ndáiríre a bhí ann. Agus ansin, bhí orthu cur suas le brú mór ó Albain ar feadh tuairim is deich nóiméad nó mar sin. Ach ní raibh aon fhreagra ag Albain ar an smacht a bhí ag na hÉireannaigh. An bealach ar imir siad nuair a fuair siad isteach in 22 na nAlbanach, bhí siad chomh cliniúil go mór mór an bealach ar chríochnaigh siad aon ionsaí a bhí acu agus le *bonus point* a bheith acu roimh leath ama, i ndáiríre, an bhfuil a fhios agat, ní fhéadfá a bheith ag súil le toradh níos fearr.

¹ Canúint Chonnacht atá ag na cainteoirí seo; mar sin, cuirtear urú seachas séimhiú ar ainmfhocail i ndiaidh 'sa'.

² 'níor loic ar fhoireann na hÉireann' a dúradh

NÓTAÍ & FREAGRAÍ

A: MACHNAMH

Réamhchleachtadh 1:

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin.

Iarr ar na foghlaimeoirí a súile a dhúnadh agus éisteacht leis an ngearrthóg seo ó YouTube https://www.youtube.com/watch?v=z1ECIKij_WA – Éire vs Albain i gCorn an Domhain sa Rugbaí a bhí ar siúl ar an 07 Deireadh Fómhair 2023 (nó aon fhíseán gearr a aimseoidh tú de lucht leanúna na hÉireann ag canadh Zombie tar éis an chluiche). Agus an mhír cloiste acu, iarr orthu na ceisteanna a phlé le chéile.

Réamhchleachtadh 2:

Is é aidhm an réamhchleachtaidh seo ná ábhar/topaic na míre a chur i láthair na bhfoghlaimeoirí sula bhféachfaidh siad uirthi chun tacú leis an gcluastuisceant ar ball. Is féidir leo na freagraí a ghúgláil más mian leo ach ná pléigh thusa na freagraí cearta leis na foghlaimeoirí ag an bpointe seo. Gheobhaidh siad na freagraí sa mhír ar ball beag.

B: FOCLÓIR

1. An stór focal:

<i>quarter-final</i>	cluiche ceathrú ceannais
<i>cause for concern</i>	údar imní
<i>injuries</i>	gortuithe
<i>considerable</i>	suntasach
<i>watching</i>	ag faire
<i>closely, critically</i>	go géar
<i>substance, calibre</i>	mianach
<i>thwart</i>	(cuir) de dhroim seoil
<i>exact, clinical</i>	paiteanta
<i>approach, open a conversation</i>	bleid a bhualadh ar

2. Tabhair deis do na foghlaimeoirí na focail a d'aimsigh siad féin a chur i gcomparáid leis na focail a bhí sa mhír.

3.

to face New Zealand = aghaidh a thabhairt ar an Nua-Shéalainn
to beat, get the better of Scotland. = an ceann is fearr a fháil ar Albain
to find/score a try. = úd a aimsiú/a scóráil
Mark Hansen was injured. = Bhain gortú do Mack Hansen.
dominant from beginning to en. = i gceannas ó thús deireadh.

4.

Cic slánaithe – *conversion kick*
 Clibirt – *scrum*
 Cluiche rugbaí – *rugby match*
 Corn an Domhain – *World Cup*
 Greamú / taicil – *tackle*
 Lán-am – *full-time*
 Leath-am / leath-ama – *half-time*
 Lucht leanúna – *supporters*

Pointe – *point*
 Pointe bónais – *bonus point*
 Síneadh amach – *line-out*
 Toradh – *result*
 Úd – *try*

C: TUISCINT

Féach ar an script. Bí cúramach! Tá pointe amháin eolais sa mhír atá míchruinn. Dúirt Séamus Ó Scanláin gur scóráil Éire 5 úd ach scóráil siad 6 úd, ceann le Dan Sheehan freisin nár luadh sa mhír.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (Na tíortha)

a)

(Éire)	<i>Éire</i>
(Breatain Bheag)	<i>An Bhreatain Bheag</i>
(Sasana)	<i>Sasana</i>
(Afraic Theas)	<i>An Afraic Theas</i>
(Nua-Shéalainn)	<i>An Nua-Shéalainn</i>
(Fidsí)	<i>Fidsí</i>
(Frainc)	<i>An Fhrainc</i>
(Airgintín)	<i>An Airgintín</i>

b)

(Éire)	<i>foireann na hÉireann</i>
(Breatain Bheag)	<i>foireann na Breataine Bige</i>
(Sasana)	<i>foireann Shasana</i>
(Afraic Theas)	<i>foireann na hAfraice Theas</i>
(Nua-Shéalainn)	<i>foireann na Nua-Shéalainne</i>
(Fidsí)	<i>foireann Fhidsí</i>
(Frainc)	<i>foireann na Fraince</i>
(Airgintín)	<i>foireann na hAirgintíne</i>

2: Saibhreas teanga (níos fearr)

a)

Maith	Níos fearr	Is fearr
Olc	Níos measa	Is measa
Beag	Níos lú	Is lú
Mór	Níos mó	Is mó
Álainn	Níos áille	Is áille
Fada	Níos faide	Is faide
Gearr	Níos giorra	Is giorra
Dian	Níos déine	Is déine

b) Ceacht cainte é seo chun céimeanna comparáide na n-aidiachtaí thuas a chleachtadh.

Cumarsáid

1: Caint

Tabhair deis do gach foghlaimeoir machnamh a dhéanamh ina n-aonar ar dtús, sula labhróidh siad leis an ngrúpa. Bí ar fáil chun cuidiú leo agus iad ag ullmhú a bpíosaí cainte.

2: Scríobh

Abair leo deich líne nó mar sin a scríobh faoi chluiche a chonaic siad.

Curtha ar fáil ag



Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann
Má Nuad

Lárionad na Gaeilge
Taighde, Teagasc
& Tástáil

le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas
Gaeilge & Gaelscoláilochta



**An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeilge, Spóirt agus Meán**
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaelic, Sport and Media

